

An Clár Tacaíochta Teaghlaigh – Nóta Eolais

Cuspóir an Chláir

A chinntiú go rachaidh an Ghaeilge ar aghaidh go bisiúil ó ghlúin go glúin agus í treisithe mar theanga teaghlaigh agus pobail sa Ghaeltacht i gcomhréir leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

Aidhm an Chláir

Tacaí níos fearr a chur ar fáil do theaghlaigh na Gaeltachta atá ag tógáil a gclann le Gaeilge nó a dteastaíonn uathu a gclann a thógáil le Gaeilge. Tá sé mar aidhm ag an gclár chomh maith díriú go cuí agus go córasach ar na teaghlaigh sin sa Ghaeltacht a bhfuil an Ghaeilge in íochtar iontu faoi láthair mar theanga labhartha.

Úsáidfear bearta éagsúla chun an clár a chur i bhfeidhm agus beidh na bearta sin dírithe go príomha ar na grúpaí seo a leanas:

Grúpa 1: Teaghlaigh Ghaeltachta atá ag súil le páiste agus a dteastaíonn uathu a bpáistí a thógáil le Gaeilge, chomh maith le teaghlaigh Ghaeltachta atá ag tógáil páistí réamhscoile le Gaeilge nó gur mhaith leo a bpáistí réamhscoile a thógáil le Gaeilge.

Grúpa 2: Teaghlaigh Ghaeltachta le páistí bunscoile atá á dtógáil le Gaeilge cheana féin, chomh maith le teaghlaigh Ghaeltachta le páistí bunscoile a dteastaíonn uathu an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga teaghlaigh.

Grúpa 3: Déagóirí na Gaeltachta.

Grúpa 4: Pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge trí chéile chomh maith le heagraíochtaí teangalárnaithe.

Grúpa 5: Pobail áirithe taobh amuigh den Ghaeltacht, i.e. tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge nó a dteastaíonn uathu a gclann a thógáil le Gaeilge.

An Cur Chuige

Bainfear leas as an gcur chuige seo chun an clár a chur i bhfeidhm:

- Roinnt bearta nua a thionscnamh i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha a bheidh dírithe go teann ar na grúpaí thuasluaite.
- Athmhúnlú a dhéanamh ar bhearta agus ar scéimeanna atá idir lámha cheana féin le go mbeidh siad ag feidmiú ar bhealach níos éifeachtaí chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil an chláir.
- Na hiarrachtaí chun forbairt a dhéanamh ar an gcóras oideachais agus réamhscolaíochta a threisiú ionas go mbeidh cur chuige in áit a thacóidh níos fearr le príomhchuspóir an chláir.

Na Príomhbhearta

Seo a leanas na príomhbhearta a chuirfear i bhfeidhm chun díriú ar na grúpaí faoi leith thuasluaite:

Grúpa 1: Teaghlaigh Ghaeltachta atá ag súil le páiste agus a dteastaíonn uathu a bpáistí a thógáil le Gaeilge, chomh maith le teaghlaigh Ghaeltachta atá ag tógáil páistí réamhscoile le Gaeilge nó gur mhaith leo a bpáistí réamhscoile a thógáil le Gaeilge.

1. Cothófar comhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus le páirtithe leasmhara eile chun tacaí praiticiúla (idir ábhar éisteachta, físeach agus léitheoireachta) a chur ar fáil do theaghlaigh Ghaeltachta atá ag súil le páiste nó a bhfuil páiste nuabheirthe acu. Déanfar é seo trí na seirbhísí atá ann cheana féin.
2. Déanfar athruithe ar Scéim na gCampaí Samhraidh de chuid na Roinne chun cur le héifeacht na scéime agus chun béim bhreise a chur ar na gníomhaíochtaí is fearr a thacóidh le saibhriú teanga mar chuspóir lárnach na gcampaí samhraidh:
 - Déanfar an íostearainn aoise a bhaineann le Scéim na gCampaí Samhraidh a leasú ionas go mbeidh páistí 3 go 6 bliana d'aois agus 7 go 14 bliana d'aois inghlactha feasta (seachas 4 go 7 mbliana d'aois faoi láthair);
 - Cuirfear cúrsaí oiliúna faoi leith ar bun do dhéagóirí ón nGaeltacht idir 15 agus 17 mbliana d'aois a bhfuil Gaeilge líofa acu ionas go mbeidh siad in ann dul ag obair mar chúntóirí sna coláistí Gaeilge;
 - Ní thabharfar aitheantas feasta faoin scéim ach do champaí a mbíonn tinreamh de 50 nó níos lú acu;
 - I gcás go mbíonn dhá champa nó níos mó ar siúl ag eagraíocht faoi leith ar na dátaí céanna, agus iad lonnaithe san áit chéanna, ní thabharfar aitheantas feasta ach do cheann acu; agus
 - Rachfar i gcomhairle le Foras na Gaeilge maidir leis an scéim atá acu do champaí samhraidh do dhaoine óga taobh amuigh den Ghaeltacht ar mhaithe le comheagar a chothú idir an dá scéim.
3. Tabharfar cuidiú do choistí/eagraíochtaí pobalbhunaithe Gaeltachta chun níos mó ócáidí agus imeachtaí feiliúnacha a chur ar bun, e.g. grúpaí tuismitheoirí agus mamailínigh/páistí. Beidh sé mar aidhm ghinearálta ag na hócáidí seo: eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir leis na héagsúlachtaí agus na deacrachtaí ar leith a bhaineann le tógáil clainne; taithí a roinnt; seisiúin eolais agus comhairle chuí a chur ar fáil maidir le páistí a thógáil le Gaeilge.
4. Tabharfar cuidiú do na hlonaid Tacaíochta Teaghlaigh sa Ghaeltacht polasaí teanga a fhorbairt sna naíolanna agus sna naíonraí a chuirfidh san áireamh an sóisialú teanga a dhéantar ar pháistí a bhíonn ag freastal ar chóras réamhscolaíochta.
5. Tabharfar cuidiú do choistí/eagraíochtaí pobalbhunaithe Gaeltachta, i gcomhar leis na heaglaisí cuí, feacht teanga a chur san áireamh i gcúrsaí réamhphósta.

Grúpa 2: Teaghlaigh Ghaeltachta le páistí bunscoile atá á dtógáil le Gaeilge cheana féin, chomh maith le teaghlaigh Ghaeltachta le páistí bunscoile a dteastaíonn uathu an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga teaghlaigh.

6. Cuirfear leasuithe i bhfeidhm ar Scéim na gCúntóirí Teanga de chuid na Roinne a chuimseoidh an méid seo a leanas:
 - An cur chuige a fhorbairt le go mbeidh freastal níos fearr á dhéanamh ar pháistí i scoileanna Gaeltachta a dteastaíonn cabhair chuí uathu chun an Ghaeilge a shaibhriú nó a shealbhú;
 - Tacaí níos fearr a chur ar fáil do na cúntóirí teanga (idir ábhar físeach, éisteachta agus léitheoireachta) ionas go mbeidh siad in ann seirbhís níos fearr a sholáthar i scoileanna Gaeltachta;
 - Clár oibre agus cúrsaí oiliúna a fhorbairt do na cúntóirí teanga i gcomhar leis na heagraíochtaí a chuireann an scéim ar fáil thar ceann na Roinne faoi láthair, i.e. Muintearas agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne;
 - Cur i bhfeidhm na scéime ar bhonn áitiúil a threisiú trí ghrúpaí oibre a bhunú sna trí mhórcheantar Gaeltachta ar a mbeidh ionadaíocht ag príomhoidí, cúntóirí teanga, Muintearas, Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus an Roinn féin; agus
 - Cur chuige na scéime a leasú le go mbeidh níos mó teagmhála agus cumarsáide leis na teaghlaigh sin a bhaineann leas as an scéim agus, dá réir, go mbeidh treisiú na scéime mar thoradh air sin; comhairle chuí á cur ag na cúntóirí teanga ar theaghlaigh maidir leis na seirbhísí tacaíochta teanga atá ar fáil dóibh; agus, comhordú cuí idir an tseirbhís seo agus obair na n-ionad tacaíochta teaghlaigh agus na n-eagraíochtaí ábhartha eile atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht (Údarás na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Óige na Gaeltachta).

Grúpa 3: Déagóirí na Gaeltachta.

7. Cuirfear athruithe i bhfeidhm ar chóras na gcoláistí Gaeilge le go mbeidh:
 - Cúrsaí oiliúna faoi leith ann do dhéagóirí ón nGaeltacht idir 15 agus 17 bliana d'aois a bhfuil Gaeilge líofa acu ionas go mbeidh siad in ann dul ag obair mar chúntóirí sna coláistí Gaeilge; agus
 - Tacaíocht ann do na coláistí Gaeilge chun déagóirí ón nGaeltacht idir 15 agus 17 bliana d'aois a bhfuil Gaeilge líofa acu a fhostú mar chúntóirí ar chúrsaí Gaeilge faoi Scéim na bhFoghlaimoirí Gaeilge de chuid na Roinne.
8. Déanfar leasuithe de réir mar is gá ar chur chuige na n-eagraíochtaí Gaeltachta a fhaigheann cúnaimh reatha ón Roinn lena chinntiú go mbeidh a gcuid gníomhaíochtaí ag tacú níos fearr leis an gClár Tacaíochta Teaghlaigh. Déanfar é seo trí chomhaontuithe leibhéal seirbhíse a aontú leis na heagraíochtaí seo.
9. Forbrófar gearrscannáin nó *virals* a chuirfear ar fáil trí na meáin shóisialta chun dul i bhfeidhm go samhailteach ar an aos óg. Beidh sé mar aidhm ag na físeáin sin tionchar a imirt ar dhaoine óga maidir le tábhacht agus fiúntas na Gaeilge mar theanga labhartha bheo.

Grúpa 4: Pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge trí chéile chomh maith le heagraíochtaí teangalárnaithe.

Grúpa 5: Pobail áirithe taobh amuigh den Ghaeltacht, i.e. tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge nó a dteastaíonn uathu a gclann a thógáil le Gaeilge.

10. Cuirfear ar chumas na n-eagraíochtaí atá dírithe ar ghníomhaíochtaí a thagann faoi chuspóir agus faoi scáth an chláir seo a gcuid beart a fhorbairt tuilleadh. Beifear ag súil go mbeidh na bearta sin ag tacú in am trátha le forbairt na pleanála teanga trí chéile ar scála níos leithne fós ná an Clár Tacaíochta Teaghlaigh.
11. Déanfar suíomh tairsí don Ghaeilge a fhorbairt le go mbeidh teacht níos éasca ag an bpobal, lena n-áirítear an pobal náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar gach ábhar agus acmhainn a bhaineann leis an nGaeilge.
12. Mar chuid den suíomh tairsí seo, déanfar ábhar a fhorbairt ar líne a bheidh ina áis do thuismitheoirí atá ag tógáil páistí le Gaeilge.